

# AN TRIAIL

## *le Mairéad Ní Ghráda*

- Léiríodh (directed) an Triail den chéad uair ar an 22 Meán Fómhair 1964 mar chuid d'Fhéile Amharclainne Bhaile Átha Cliath. Fuair an dráma ard-mholadh ag an bhFéile úd.
- In amharclann an Damer a léiríodh é, amharclann Ghaeilge a bhí faoi stiúir Ghael-Linn.
- Ba í Caitlín Maude, an file as Ros Muc, Conamara, a scríobh an dán Géibheann, a bhí sa phríomhpháirt ar dtús. Tháinig Fionnula Ní Fhlannagáin ina diaidh.
- Chothaigh (raised) an dráma conspóid (controversy) nach beag ag an am.
- Ba é an chéad dráma Gaeilge a craolaíodh ar an teilifís (broadcast), ag tús na bliana 1965.
- Aistríodh go Béarla é.
- Tá sé ar cheann de na drámaí is rathúla (one of the most successful) a scríobhadh i mBéarla nó i nGaeilge.

### **Téama**

Léirítear dearcadh mícharthanach (uncharitable) míthuisceanach phobal an ama (people at the time) ar mháithreacha aonair. Tá sé bunaithe ar fhíorscéal.

Tá simplíocht áirithe ag baint leis an téama; tá an saol ar fad i gcoinne Mháire, seachas a cara Mailí. Ach, ba pheacach í Mailí i súile na hEaglaise agus i ndearcadh an phobail bhéalchráifigh (sanctimonious) choinbhinsiúnaigh (conservative) fhimínigh (hypocritical). Ar deireadh, ba í Mailí an t-aon duine a thug lámh chúnta chríostúil do Mháire in am an ghátair (in the time of need). Pearsa í Mailí a théann chomh fada siar le Máire Mhaigdiléana. Léiríonn an dráma go soiléir nach raibh an creideamh Caitliceach comhchiallach (synonymous) le daonnacht ná le moráltacht sna seascaidí in Éirinn.

## **Cruachás Mháire**

Tá Máire i gcruachás le linn a saoil ar fad. Leagann a máthair cinniúint (fate) roimpi i gcoinne a tola féin (against her will); dul sna mná rialta. Stróictear Máire idir a dualgas i leith leas (welfare) a páiste thabhartha / mhídhlisteanáigh (illegitimate) agus a dualgas ina leith féin. Rianaítear an choimhlint idir beirt bhan - beirt Mháire.

Ar láimh amháin, tá an bhean shoineanta shaonta (innocent naïve) a mhealltar ag caint phlámásach Phádraig, a airíonn ciontach de bharr an chaidrimh rúnda a bhíonn aici leis. Is í seo an bhean nach nglacfaidh leis an gComaoineach Naofa de bharr na ciontachta sin, a bhraitheann trua do bhean Phádraig, a chreideann ina croí istigh gur phós Pádraig í agus go dtiocfaidh sé ar a tóir. Ní scaoilfidh sí ainm Phádraig go brách na breithe (go deo na ndeor) agus tá an oiread sin grá aici dá leanbh go n-ofráilann sí a saol féin mar íobairt (as a sacrifice) ar a son.

Ar an láimh eile, tá an bhean smálaithe (morally tainted) a bhí in ainm is (supposed to) dul sna mná rialta ach a roghnaíonn conair an pheaca. Is í seo an bhean a ghineann (conceives) leanbh mídhlisteanach le fear pósta, níos measa fós, leis an máistir scoile áitiúil!!! Maraíonn sí an leanbh sin agus maraíonn sí í féin ar deireadh. Mar a deir a cara Mailí: *‘Ní cheadódh sí an leanbh a dhul uaithi i ndorchacht na síoraíochta (eternal darkness) gan í féin a dhul in éineacht léi.’*

Feicimid Máire ag gluaiseacht trí aonaid éagsúla na sochaí (units of society) de réir mar a ghluaiseann an dráma ar aghaidh.

*Gníomh a hAon:* A Teaghlach Féin

Teaghlach Strainséartha Uí Chinsealaigh

Institiúid neamhphearsanta na máithreacha aonair

An saol mór lena leanbh nua-bhéartha

*Gníomh a Dó:* Monarcha i measc strainséirí

Tigh Mhailí – bean atá ar imeall an phobail mar atá Máire

Céim dheireanach a haistir; an tAthshaol. (Afterlife)

## Teicnící

Baineann Ní Ghráda leas as teicníc drámaíochta ón nGréig ar a dtugatr **Chorus**. Guthanna is ea iad seo a mhíníonn brí an dráma don lucht féachana. Mná a dhéanann an tráchttaireacht (commentating) sin in *An Triail* (Bean 1, Bean 2, Bean 3).

Tosaíonn agus críochnaíonn an dráma le ráiteas Mháire; '**Mharaigh mé mo leanbh de bhrí gur cailín í....Tá sí saor**'. Tugann **cleas an dúnta** (closing) le fios go bhfuil críoch leis an dráma agus leagann sé béim ar an méid atá feicthe, foghlamtha agus tuigte ag an lucht féachana ó thús an dráma.

Is tábhachtaí an tuiscint ná an trua sa dráma seo. Ba bheag an bhrí a bhí leis an ráiteas thuas ag tús an dráma ach tá an scéal uafáis sceite anois, tá an fhianaise (the evidence) agus an fhírinne lom nochtaithe. Tá sé in am ag an ngiúiré; an lucht féachana, a mbreithiúnas a thabhairt. Bhí an tsochaí iomlán, an eaglais ach go háirithe, ciontach i dtaobh dhúnmharú Mháire agus Phádraigín. Ba striapaigh agus peacaigh cheandána iad Máire agus Mailí i dtuairim an phobail i gcoitinne, i súile na gcomharsan agus na heaglaise ach 'beirt bhan mhisniúil' ba ea iad dar liom féin.

Baineann Ní Ghráda leas as **teicnící le Brecht**, drámadóir Gearmánach a bhí ag cumadh sa chéad leath den 20ú haois. Leag *Brecht* béim ar an gcomhthéacs sóisialta (social context) seachas ar an mbeatha inmheánach (internal life). Déanann Mairéad Ní Ghráda díreach sin sa dráma *An Triail*. Chuir *Brecht* béim ar shimplíocht an chuir i láthair, ar cheol agus ar scéalta, agus ar an dráma mar mhodh teagaisc. Is cinnte go raibh dráma Ní Ghráda ag déanamh teagaisc ag an am, ag múineadh ceachta do phobal Caitliceach na tíre. Fiafraíonn Seáinín an Mhótair: '**Cé a deir gur tír Chríostaí í seo?**' Ar bhealach, is í seo an cheist atá mar inspioráid ag an dráma agus a shainíonn é dá réir. (that defines it)

## Teicnící, Cleasanna (tricks), Gléasanna Dramaíochta

*Cleas an dúnta*: 'Mharaigh mé mo leanbh de bhrí gur cailín í....Tá sí saor'

*Cleas an chroscheistithe* (cross-examination)

*Cleas an iardhearcaidh*: ag breathnú siar, ag léimt ón am atá caite go dtí an t-am i láthair.

*Cleas na tráchtairíochta* (commentating) *Chorus*: msh. Bean 1,2,3.

*Cleas na cainte díri* : Ag caint go díreach leis an lucht éisteachta,

*Cleas na rannpháirtíochta*: Tá an lucht féachana mar rannpháirtithe (participants) sa dráma. Is muidne an giúiré; cuireann an dráma ag smaoineamh muid. I ngníomh a haon, radharc a haon, iarrtar orainn an fhianaise a scrúdú agus gan trua a bheith againn do dhuine ar bith.

*Teicnící Bhertolt Brecht*: Baineann an teicníc seo le simplíocht, ceol, an dráma mar mhodh teagaisc, béim ar chomhthéacs sóisialta, seachnaíonn sé doimhneacht na gcarachtar, diúltaíonn sé don chleas atá in úsáid ó aimsir Arastatail i leith; mar atá comhbhá (empathy) a chothú sa lucht féachana leis an gcarachtar.

### **An Cás Cúirte**

Ní cás cúirte a chuirtear inár láthair sa dráma seo i ndáiríre ach tragóid Mháire Ní Chathasaigh. Níl Máire ina príosúnach ar ndóigh, is taobh thiar de gheataí na bhflaitheas atá sí. {Úsáideann Ní Ghráda an cleas céanna seo (trial cúirte cé go bhfuil an coirpeach marbh) in *Breithiúnas* (1968), mórdhráma eile leis an nGrádach.} Níl sna haturnaetha ach bealach le brí an scéil *a chur abhaile orainn*. (hammer home) Cuireann siad ceisteanna le fianaise na tragóide sin a chur os comhair an lucht féachana, leis an duine atá ciontach sa scéal uafáis seo a nochtadh. Is muidne, an lucht féachana, atá mar ghiúiré ar an gcás seo. Cé go bhfuil Máire marbh, faigheann muid léargas ar a taobh den scéal. Is gá sin ionas go mbeimid in ann an duine ceart a chiontú. Nó an é go bhfuil an pobal ar fad, na finnétithe uile, muid féin- na léitheoirí, an bhfuilimid uilig ciontach san easpa carthanachta (lack of charity) ba chúis le tragóid Mháire?

